

INIS LEACAN 1937.

Cóilín mac Con Fhaola (Colm)

I nDumhaigh-ithir a rugadh is tóigeadh é. Timcheall 17 chuaidh sé go Sasana go Manchuan. Bhí go leór Éireannach ann 1867. D'fhanadh a mbunáite i n-aice a chéile. Ní raibh na tithe go maith an t-am sin ann. Ní raibh sé a bhfad i Manchuan, an oidhche a briseadh an van. Bhí an baile mór lán de shaighdiúirí agus iad ag gabhail Eireannach ag cuartú tighthe a raibh Eireannaigh ann, a reabadh leabthacha is trusgáin.

Inis Leacan

Bhí fir is mná Sasanacha chomh dona leis na póilí agus na saighdiúirí agus i n-aghaidh Éireannach. Bhíodar ar fad anuas ortha, gabhadh go leor leor Éireannach an oidhche a raibh an cath. Lá ar n-a bhárach chuaidh Cóilín mac Confhaola agus Parthalán mac Confhaola go dtí an traen le gul go Jarrow. Bhí faire ar an traen agus gabhadh an bheirt aca.

Chuaidh sé go Jarrow ina dhiaidh sin, bhí sé tamall annsin agus mionnuigheadh é ina Fhinín. Bhí sé ag foghlaim drilála le sgata fear oidhche taobh amuich de Jarrow agus gabhadh 31, fuair a bhfurmór 9 mí. Bhí Cóilín agus Parthalán ró-óg agus leigeadh amach iad.

1870 tháinig sé abhaile agus thug roinnt revolvers leis. Ar shoitheach trácht a tháinig sé. Bhí sé oidhche i n-Oileán Manannáin ar an mbealach abhaile agus a péire revolvers aige ina phaca beag. Do Ó Conchubhair ceann de na revolvers. Bhí sé ins na Finíní agus chuile fhear dár bhain leis.

Cuimhne aige ar Pharnell. Ghlac na Finíní le Parthalán agus b'fhiú glacadh leis agus chonnaic sé Fanny Parnell i mBaile Átha Cliath. Chraith sí lámh leis agus thug sé lón dó i dtigh ósta. Thug sé revolvers abhaile leis trí huaire.

Bhí Wallace ina cheann ar Finíní i Jarrow agus Fletcher as Tiobrad Árann.

D'athruigh a mhuintir as dumhaigh-ithir go Inis Leacan nuair a bhí sé ina ghasúr. Chuir Árdeaspog Mac Éil faoi láimh Easpuig é i dteampull Chárna. Nuair a thagadh an tArdeaspog bhí carranna an pharáiste cruinnighthe ag an teampull agus mhuintir an pharáiste, sean agus óg le fáilte a chur roimhe.

Fear groidheamhail naomhtha a bhí ann. Grád mór aige ar na gasúir agus d'fheicfeá é i bhfalach gairí i measg na ngasúr. Fear beo greannuithe agus cainnt bhreagh aige thar mar bhíos ag easpuig ó shoin. Bhí sé indon croidhe agus misneach agus spreacadh a chur ins na daoine. As Inis Leacan a chuaidh Colm go Sasana. Is ann a phós sé. Cailleadh a bhean 50 bl ó shoin.

Nuair a phós sé bhí 26 teach ar an oileán. Ag iasgach is mó a bhíodh muintir an oileáin. Gliomadóireacht agus dá ndíol sa gClochán.

Ag ceilpeadóireacht

púcán agus seol mór agus jib ortha.

Corach canbháis.

Fear de Chlocartach i n Inis Ní an saor báid.

(Bartla Ó Clocharta an chéad fhear a rinne curach ádhmuid).

Bhí sé go tréan ag obair san land League ag siubhal na tíre.

go mbliain aige. Tá clann ag clann a chloinne. Bhí inghean aige pósta ag fear de Chloinn
Dhonnadha agus 13 chlann aice. Níl anois aice ach aon inghean eile sa mbaile.

63 ghasúr sa sgoil tráth – níl aon sgoil anois ann ach ceathrar ghasúr sgoile ag gul amach a
sgoil Chloch na Rón.

Cuartuigheadh an teach a raibh sé ann oidhche ar chatha ach chonnaic sé na saighdiúirí ag
teacht agus d'fhág sé an teach agus d'fhan amuich.

Deirim mo dhóthain paidreacha gach lá agus níl tada as bealach dá dhéanamh agam. Ta mé
réidh roimh an mbás.

Phós fear as an oileán an mhí seo. Is fada nár phos duine as an oileán cheana os cionn fiche
bliain.

An 10adh lá de mhí na Feabhra 37 nuair a bhí an chuirte thart i gCloch na Rón labhair mé leis
an sáirseant i gCloch na Rón faoi Choilín mac Confhaola atá ar Inis Leacan. Ní fhaca an
sáirseant le trí bliana é. Shíl sé nach raibh sé an-aosta agus nach raibh gar ar bith aige bheith
sean go leor le bheith ina sglábhaidhe i Manchuain sa mbliain 1867. Shíl sé gur bréagadóir
Coilín mac Chonfhaola. Dubhairt sé liom go dtiubhradh Dundas – an fear posta – go dtí an t-
oileán mé agus na curraigh agus dubhairt sé leis an bád a thabhairt timcheall go dtí céibh na
hÉiríúla gus go bhféadfainn dul sa gcarr go dtí an cé agus an carr a fhágáil go dteagainn
isteach ón oileán.

Chuidh fear an phosta thart le na bhád go dtí an céibh i n-Éiríulach agus shábháil sin dá
mhíle don turas fairrge, 3 mhíle on gcéibh istigh i gCloch na Rón Féin. Bhí an lá fuar agus
níor mhaith liom an turas fada sa mbád beag. D'ólas cupán tae. Cuainín beag deas agus
leath fáinne de thighthe timcheall ar cheann an chuainín agus tighthe eile siar le farraige.
Tighthe beaga, báid bheaga ar an gcladach.

Caoláire farraige cuan na feadoige idir talamh lorrúis Bhig agus na hOileáin Cruach
Chaolainn agus Inis Leacan isteach go beal chuain Chloch na Rón. An ghaoth aniar dtuaidh
dar mbualadh go fuar fliuch mar bhí cith maith báistighe ar ár mbealach isteach. Bhí an
fharraige luaimneach gan bheith fiadháin. Ní raibh tonn árd na tonn bhriste inar mbealach.
Bhí an t-oileán míle uainn agus bhí tighe Choilín ar an gceann thiar den oileán. Níor leig an
ghaoth dúinn dul i dtír sa gceann thuas agus bhí an céibh sa gceann thoir.

B'éigin dúinn imtheacht roimh an ngaoth agus an chéibh a bhaint amach. Oileán íseal,
cladaigh carraigreacha agus tráigheanna gainimh ar an oileán. Ba bhreagh an áit chun lae
saoire a chaitheamh an t-oileán seo; Tá an caoláire idir an t-oileán agus lorrús beag go maith

le aghaidh iasgaigh. Tá na beanna i n-amharc agus cnuic Mháim an Tuirc, Máim Éan agus soir go dtí an Chuirceog. Ta Gaedhilge ar an oileán agus an t-oileán i mbéal na farraige méire idir Cruach Chaolainn agus Ceann Reamhair.

An bádóir a thug isteach sinn fear caol ard tanaidhe caithte atá ann. Dundas a shloinneadh. Fear posta é a théigheas faoi dhó sa tseachtain don oileán leis an bpost. Maor caorach a bhí ina athair a tóigeadh i nDoire Íorruis agus a chaith tamall fada i gcreamhchoill ag maorsacht do Hazel. Rugadh an fear seo an bádóir i gCreamhchoill agus níl an oiread Gaedhilge aige agus bheadh ag fear as Doire Íorruis, ní raibh mórán eolais ar na héanlaith fairrge a chonnaic muid ar ar mbealach go dtí an t-oileán.

Ar an mbealach isteach dúinn chonnaic mé roilleach agus crosán agus ní raibh mé chomh gar ariamh don chrosán – d’aithnigh mé an ghob. Thom sé romhainn agus tháinig aníos agus thom arís leath bealaigh don oileán. Bhí faocha mhór siar uaim beagán. Chonnaic mé an aprún geal anuas ar an bpróca. Bhí an t-aer úr glas fuar. Is minic a chuireadh an tonn gob an bháid i mbéal na gaoithe. Chonnaic fir an oileáin an bád chucu. Tá na tighthe ar fad ar an taobh ó thuaidh. Tháinig Séamus Mac Concoille faoin nár ndéin go dtí an chéibh. Bhí fáilte mór aige romham nuair a d’innis Pádraic Ó Flaithearta cé bhí aige ann, agus shiubhail sé linn go dtí an teach a raibh cailín ann sa gceann eile den oileán, theastuigh an siubhal uaim bhíos preachta leis an bhfuacht. Ta bóthar garbh nua dá dhéanamh timcheall le cladach ar an taobh ó thuaidh agus siar. Níl ach aon asal amháin ar an oileán agus carr. Níl capall ar bith ar an oileán. Tá ballaí teach na sgoile faghtha ach níl aon sgoil anois ar an oileán. Tráth bhí gasúir ar an oileán fá láthair tá 4 ghasúr sgoile ar an oileán agus bád íoctha le na dtabhairt amach is isteach chuile lá. Creidim nach bhfuil mórán maitheasa san sgoil atá ag na bráithre ná i sgoil na gcailíní ach an oiread.

Bíonn bláth ar oileán beag fairrge agus tú a bhfad uaidh. Nuair a shiubhlann tú amach ar fhód an oileáin tugann tú faoi deara a luime agus gairbhe a éadain. Níl coill ná crann ann ná taltaí míne réidh. Sé an chaoi chéadna é nuair a bhíos tú ar leargas an cnuic is garbh doicheallach na beanna suas uait, agus an fána síos romhat ach an t-oileán fairrge a bhfad uait beidh sé ina oileán sidhe agad. Cuireann an solus seachmall ar na súile nó cuireann an solus áilne agus draoidheacht ar an gcnoc a bhfad uait nó ar an oileán farraige. Tá an t-oileán glas ina oileán gorm. Tá an beann breac lom ina bhinn choscra. Nuair a bhreannuigh mé uaim ó thuaidh ar na beanna beola bhíodar ar fad le feiceál ón gceann thiar go dtí an ceann thoir; agus soir uatha cnoc na huilleann Mám Éan; agus na beanna soir go dtí an chorcóg.

Nuair a sgail an ghrian nocht na beanna iad fhéin ina gcultacha gorma agus bhí an gorm ag imtheacht ina thonna ortha do réir mar bhí an solus ag gealadh nó ag dorchú. Nuair a dhorchuidh néal an ghrian d’imthigh an dath gorm agus bhí na beanna go bagarthach doicheallach, tháinig múr agus d’ísligh ceo ar barr na mbeanna dá bhfolú ach d’fhan an ceo os cionn na mám árd agus puill soluis le feiceál faoin gceo os cionn na Mám.

Na Fuireamhain

Duirling amuich sa bhfairrge. Teigheann siad faoi leis an taoille, bíonn droch-madhmanna ortha.

Fuireamhain Charraig na Meacan i n-aice le Carraig na Meacan.

Fuireamhain ag Ceann Mása

Litir Ruhárd – Bartla Rua.

Chuir Mac Con Coille i n-aithne don oileánach muid. Bhí aghaidh an tighe siar, ceann cíbe ón sliabh ar an teach agus bun sop gearr. Fuinneog ar chaon taobh den dorus agus balla thiar aolbhualte. An dorus dúnta mar bhí an ghaoth aniar sa dorus. Chonnaic muid tríd an bhfuinneog an cúl doras fosgailte. Shiubhlamar timcheall agus bhí an fear ag an dorus romhainn. Is mór an fháilte a bhí aige rómhainn. D'fháiltigh se faoi thrí romhainn. D'imthigh mac Con Coille agus d'fhág sé sinn inéindigh leis an seanfhear.

Fear árd díreach, an aois ina éadan agus láthair ina cholainn fear grinn geanamhail agus aigne an bheo aige. Chuir se inar suidhe muid agus shuidh se féin ag ceann an bhuird. An teach go glan istigh, na ballaí geal, an t-urlár dóibe glan agus carnán beag gainimh traghá inaice an doruis. Níl aon bhean sa teach agus dá mbeadh féin ní bheadh sé mórán níos glaine. D'fhreagair sé gach ceist go díreach simplidhe gan gaisgeadh ná aidhbhéil gan leigean air ach ba follusach go raibh grádh a thíre go beo bríoghmhar ina chroidhe.

Seacht dteach ar an oileán. Bhí sé theach fichead ann nuair a bhí sé óg agus 63 gasúr sa sgoil.